leavingcertirish.com

# An Córas Oideachais

# The Education System

© Leavingcertirish.com2018

Cad é do thuairim faoin gcóras oideachais?

Cad iad na lochtanna is mó sa chóras oideachais in Éirinn?

Cén sórt fadhbanna atá sa chóras oideachais inniu?

© Leavingcertirish.com2018

Cad é do mheas ar chóras na bpointí?

Cén sórt oideachais atá ar fáil do dhaoine óga sa tír seo?

An bhfuil aon mholtaí agat don Aire Oideachais?

Teagasc Breise

Curaclam Ró-Acadúil

Fadhbanna Smachta

Tinrimh na nDaltaí

Tuarastail na Múinteoirí

Easpa Ama

© Leavingcertirish.com2018

An Coibhneas Dalta/Múinteora

Corpoideachas

Riachtanais Speisialta

Uaireanta, ceapaim go bhfuil córas na bpointí éagórach agus leatromach. Cuireann sé an iomarca brú ar dhaltaí, pé cumas atá acu.

Ní thugann sé deis do dhaltaí neamhacadúla. Bíonn an iomarca béime ar fhoghlaim de ghlanmheabhair.

© Leavingcertirish.com2018

B'fhéidir go mba chóir dúinn níos mó béime a chur ar scileanna saoil ar nós cócaireacht, aclaíocht agus meabhairshláinte.

Cén fáth nach féidir linn ard-scileanna cumarsáide agus scileanna cruthaitheacha a chothú agus a mheasúnú i ngach dalta ardteiste?

I mo thuairim, tá easpa infheistíochta sa chóras oideachais faoi láthair agus ní féidir linn glacadh le ráiméis ó pholaiteoirí atá ag iarraidh an dallamullóg a chur ar an bpobal faoi chúrsaí.

Ba chóir don Aire Oideachais & Scileanna, Richard Bruton, rud éigin fiúntach a dhéanamh chun feabhas a chur ar chúrsaí roimh an gcéad olltoghchán eile.

Is léir do chuile dhuine go bhfuil go leor leor áiseanna nua-aimseartha (troscán nua, foirgnimh nua, agus áiseanna digiteacha) ag teastáil go géar i mbeagnach gach scoil sa tír.

© Leavingcertirish.com2018

Fós, sa bhliain 2018, feictear foirgnimh scoile lofa agus a lán seomraí ranga réamhdhéanta 'páirceáilte' i scoileanna ar fud na tíre Is náireach an scéal agus an leagáid é sin.

Is mór an náire orainn go léir go bhfuil drochbhail ar scoileanna i ndiaidh 'Ré an Tíogair Cheiltigh'. Caithfimid, agus caithfidh an rialtas, dul i ngleic leis an bhfadhb seo láithreach.

Ba chóir don rialtas aois na cumarsáide digití a fhorbairt i ngach scoil. Is féidir teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a úsáid i múineadh agus i bhfoghlaim gach ábhar scoile.

Gan áiseanna cuí, ní féidir linn úsáid a bhaint as an idirlíon sa seomra ranga mar áis foghlama i láthair na huaire - is mór an míbhuntáiste é sin.

© Leavingcertirish.com2018

De réir na saineolaithe, tá neamhlitearthacht forleathan fós againn sa tír seo. Ba chóir dúinn oideachas fadsaoil a chur chun cinn i scoileanna & i ngach ceantar ar fud na tíre.

B'fhéidir go bhfuil curaclam ailtéarnach agus nua-aimseartha ag teastáil chun fadhb na neamhlitearthachta a réiteach go fadtéarmach?

Cad a cheapann tú faoin méid bulaíochta a tharlaíonn ar scoil?

Cloistear go minic faoi bhulaíocht ar scoil
Is deacair an rud é bulaíocht a chosc agus a ghlanadh ón gcóras ar fad.
Caithfidh gach scoil deileáil leis an bhfadhb seo – is cineál 'galar sóisialta' é i láthair na huaire.
Bíonn múinteoirí, tuismitheoirí agus boird bainistíochta an-bhuartha faoin bhfadhb seo mar níl réiteach na faidhbe ar eolas acu.

An bhfuil meas ag an bpobal ar mhúinteoirí?

Buíochas le Dia, tá múinteoirí den chéad scoth sa tír seo.
Tá traidisiún agus gairm na múinteoireachta go láidir againn in Éirinn.
Cuireann sé díomá orm nuair a chloisim tráchtairí éagsúla ag déanamh magadh faoi mhúinteoirí na tíre seo.
Is ríléir domsa, go bhfuil sár-obair á dhéanamh ag múinteoirí na tíre ar son mo leithéidse, agus táim fíor-bhuíoch dóibh.

© Leavingcertirish.com 2018

An dóigh leat go mbíonn múinteoirí faoi bhrú na laethanta seo?

Ní gá dom a mhíniú duit go mbíonn a lán brú agus strus ar mhúinteoirí.
Don chuid is mó fásann an strus as réabadh na bpleidhcí agus bíonn múinteoirí spíonta amach dá bharr.
Níl sé ceart go bhfuil daltaí atá imithe ó smacht ina suí sa seomra ranga, ag cur isteach ar obair an mhúinteora agus foghlaim na ndaltaí.


© Leavingcertirish.com 2018

# An Teastas Sóisearach Nua?

Is léir go bhfuil a lán constaicí os comhair an rialtais maidir leis an gclár nua don Teastas Sóisearach.

Cloisimid scéalta sna meáin maidir le dearcadh na múinteoirí. Deirtear nach bhfuil na muinteoirí toilteanach na hathruithe a chur i bhfeidhm.

Bíonn dhá léamh ar gach scéal. Cinnte, níl na ceardchumainn múinteoireachta sásta leis an gclár nua atá foilsithe ag an rialtas.




Ach, deir an rialtas gur foilsíodh plean cuimsitheach cúpla bliain ó shin agus go raibh na múinteoirí sásta leis an bplean sin ag an am.

Is é measúnú leanúnach atá ina chnámh spairne eatarthu faoin am seo. Bhí na múinteoirí ar stailc ar feadh dha lá anuraidh, ach ní dóigh liom go mbeidh siad ar stailc i mbliana, buíochas le Dia!

N'fheadar an bhfuil an toil pholaitiúil ann chun an t-easaontas seo a réiteach. Tá dualgas ar an Aire éisteacht le imní na múinteoirí agus iad a shásamh ar dtús.

An tAire Oideachais & Scileanna
Na ceardchumainn múinteoireachta
Measúnú leanúnach
Teastais Stáit

© Leavingcertirish.com2018

## Ganntanas Tithíochta: Mic Léinn

Is bocht an scéal é nach mbíonn dóthain tithíochta ar fáil do mhic léinn i ngach cathair ar fud na tíre

Méadaíonn an costas maireachtála in aghaidh na bliana

Níl sé féaráilte ar éinne, go mór mór na tuismitheoirí

Conas is féidir leat díriú isteach ar do chuid oibre nuair nach bhfuil ach bothán agat mar theach?

Ní thuigeann an rialtas cé chomh dáiríre is atá an ghéarchéim seo.

Ní inniu ná inné a thosaigh an fhadhb seo ag dul ó smacht

© Leavingcertirish.com 2018

**ar lean...**

I mo chás féin, ní bheidh an dara rogha agam ach fanacht le mo thuistí sa bhaile

Nílim ag súil go mór leis mar ba bhreá liom a bheith neamhspleách uathu

Ba bhreá liom teach nó árasán a thógail ar chíos, ach bheidh mé in ann é sin a dhéanamh, sa chéad bhliain ar a laghad

Is aoibhinn leis na tiarnaí talún an cíos a ardú

Is náireach an scéal é ar bhealach, ach deirtear nach bhfuil na foinsí airgeadais ag na hollscoileanna chun an fhadhb a réiteach i gceart

Beidh airgead cothabhála ag teastáil go géar uaim, ar ndóigh

B'fhéidir go mbeidh spás sa lóistín ar-champas? N'fheadar!

© Leavingcertirish.com 2018